V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10675 – CDPQ / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / ADIA / WCX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 122/12)

1. An 9 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Caisse de dépôt et placement du Québec ("CDPQ", Ceanada),

— Transurban Holdings Limited ("Transurban", an Astráil),

— AustralianSuper Pty Ltd ("AustralianSuper", an Astráil),

— Canada Pension Plan Investment Board ("CPP Investments", Ceanada),

— Tawreed Investments Limited ("Tawreed", Oileáin Cayman), faoi rialú Abu Dhabi Investment Authority ("ADIA", UAE)

— WestConnex ("WCX", An Astráil).

Gheobhaidh CDPQ, Transurban, AustralianSuper, CPP Investments agus Tawreed rialú comhpháirteach ar WCX ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó trí bhíthin aon mhodha eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é CDPQ a bhainistíonn cistí go príomha le haghaidh pleananna pinsin agus árachais, idir phoiblí agus pharaphoiblí, i gCúige Québec, agus a infheistíonn go príomha i sócmhainní bonneagair,

— Is cuideachta oibreora bóithre dola é Transurban a bhainistíonn agus a fhorbraíonn gréasáin uirbeacha bóithre dola san Astráil, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe,

— Is é AustralianSuper an ciste pinsin agus aoisliúntais tionscail poiblí is mó san Astráil a mbíonn gníomhaíochtaí infheistíochta domhanda ar siúl aige,

— Is eagraíocht bainistithe infheistíochta é CPP Investments a infheistíonn na cistí a aistríonn Canada Pension Plan chuige, go príomha i gcothromais phoiblí, cothromais phríobháideacha, réadmhaoin, bonneagar agus infheistíochtaí ioncaim sheasta,

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— Tá infheistíochtaí bonneagair éagsúla faoi úinéireacht Tawreed agus bainistíonn sé punann infheistíochta domhanda. Is eintiteas rialtais é Adia, máthairchuideachta Tawreed, atá faoi úinéireacht Éimíríocht Abu Dhabi, Éimíríocht a bhainistíonn punann infheistíochta domhanda éagsúlaithe,

— Tá WCX i mbun bóithre dola a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú in Sydney, New South Wales.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10675 – CDPQ / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / WCX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 An Bhruiséil
AN BHEILG

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.